Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020*

# *Gaeilge Gnáthleibhéal*

## Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

**1 uair 50 nóiméad**

## Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| Cuid I: Cluastuiscint | |
| Na hIomláin | |
| Cuid A, Fógra 1 | |
| Cuid A, Fógra 2 | |
| Cuid B, Comhrá 1 | |
| Cuid B, Comhrá 2 | |
| Cuid C, Píosa 1 | |
| Cuid C, Píosa 2 | |
| Iomlán | |

| | |
|---|---|
| Eolas | |
| Gaeilge | |
| Móriomlán | |

**Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.**

# Cuid I: Cluastuiscint

(60 Marc)

---

## *Treoracha d'iarrthóirí*

---

**Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.**

**Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.**

---

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén stáisiún raidió a chuir amach an fógra seo? | |
| Cén dáta a chuirfear tús leis an gclár nua? | |
| Scríobh síos lá **amháin** a bheidh an clár nua ar siúl gach seachtain. | |
| Cén sórt ceoil a bheidh ann sa stiúideo? | |

## FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cén Ollscoil a sheol an tionscnamh nua?

___

**(b)** Cad is ainm don tionscnamh nua seo?

___

**2.** **(a)** Cén cineál cúrsaí a chuireann an tionscnamh seo ar fáil?

___

**(b)** Cá fhad a mhaireann gach cúrsa?

___

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Conas a mhothaíonn Pól faoi láthair?

______________________________________________

**2.** Cén sórt ranganna a chuir na múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile ar siúl?

______________________________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cad a bhí ar siúl do na scoláirí sóisearacha ar an lá aclaíochta?

______________________________________________

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a chuireann brú mór ar na scoláirí dara leibhéal, dar le hÚna.

______________________________________________

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá bhfuil Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh?

______________________________________________

**2.** Cén sórt Gaeilge a bhí ag teastáil don phost?

______________________________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén áit ina ceantar dúchais a mbíodh Orla ag obair sa samhradh?

______________________________________________

**2.** Cad a tharla i mí Aibreáin sa cheantar tuaithe ina bhfuil Orla ina cónaí?

______________________________________________

# *Cuid C*

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cén bhliain a rugadh Mary Elmes?

**2.** Cár oibrigh Mary Elmes le linn an Chogaidh Chathartha sa Spáinn?

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén ról a bhí ag Siya Kolisi ar fhoireann rugbaí na hAfraice Theas?

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a thaispeánann go raibh muintir Siya bocht le linn a óige.

# Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

---

## *Treoracha d'iarrthóirí*

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) An ceol is fearr liom.

(ii) Na rudaí a chuireann imní orm.

(iii) Saoire iontach a bhí agam.

## B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Dhúisigh mé i lár na hoíche. Bhí mé i leaba i mbarda ospidéil …

**nó**

(ii) Bhuail m'fhón póca. D'fhreagair mé an fón …

## C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

(i) Thug duine cáiliúil cuairt ar do scoil le déanaí agus labhair an duine sin leis na scoláirí.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin gcuairt sin **agus** faoin gcaint a rinne an duine sin faoina s(h)aol.

**nó**

(ii) Bhí tú ag cluiche mór le déanaí. Bhí an fhoireann is fearr leat ag imirt.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig do dheartháir / do dheirfiúr ag insint dó / di faoin gcluiche mór sin **agus** faoin seans a fuair tú bualadh leis an imreoir is fearr leat.

## D – COMHRÁ – (50 marc)

(i) Níl tú sásta leis an airgead póca a thugann do thuismitheoirí duit gach seachtain.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Tá do rogha cúrsaí tríú leibhéal déanta agat ar fhoirm an CAO.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi do chéad rogha.

Leathanach Bán